Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Eanáir 2025
(OR. en)

16905/1/24
REV 1
PV CONS 67
AGRI 883
PECHE 526

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

9 agus 10 Nollaig 2024

**<u>CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 9 NOLLAIG 2024</u>**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac <u>an Chomhairle</u> an clár oibre a leagtar amach in 16385/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 16499/24

Ghlac <u>an Chomhairle</u> gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

<u>IASCACH</u>

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**3. Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**
**(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)** C 16055/24
*Comhaontú polaitiúil*

Tháinig <u>an Chomhairle</u> ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear, le haghaidh 2025 agus 2026, na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

4. **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**
**(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)**
*Comhaontú polaitiúil*

[C] 16057/24

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear, le haghaidh 2025, na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh dírithe ar fheirmeoirí tar éis 2027:
Obair leantach ar an gcruinniú den Chomhairle an 21-22 Deireadh Fómhair 2024
*Seisiún tuairimíochta*

14797/24
**+ COR 1 (sv)**

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

[❶][C] 16255/24

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra reachtach do chreat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**7. Deiseanna don bhithgheilleagar amach anseo** [2] 16244/24

*Díospóireacht bheartais*

<u>Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis na deiseanna a bheidh ann amach anseo don bhithgheilleagar, barúlacha na dtoscaireachtaí agus freagairt an Choimisiúin.</u>

Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist sin nuair is iomchuí.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoi aon ghnó eile i ndáil leis na conclúidí ón gComhairle a ghlac an Chomhairle Iomaíochas an 29 Samhain maidir le tionscnamh taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, chun leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoi aon ghnó eile maidir le torthaí na Comhdhála ardleibhéil 'Partnering for the Future': 'BIOEAST and Beyond', maidir le tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta Lár agus Oirthear na hEorpa i gcomhthéacs na hithreach inbhuanaithe agus athléimneacht uisce, slándáil córas bia agus beartas a bhaineann leis an mbithgheilleagar.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil faoi aon ghnó eile maidir leis na scrogaill a réiteach san athchúrsáil cothaitheach agus i dtáirgeadh an bhithgháis ar leibhéal na feirme.

Ar deireadh, thug an Chomhairle dá haire barúlacha an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí maidir leis na míreanna gnó eile sin.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**8.** <u>Talmhaíocht</u>

(a) **Conclúidí a ghlac an Chomhairle Iomaíochais an 29 Samhain 2024 maidir le tionscnamh taighde agus nuálaíochta uile-Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bainistíocht inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, slándáil na gcóras bia agus imscaradh an bhithgheilleagair a chur chun cinn, chun leas a bhaint as acmhainneacht Lár agus Oirthear na hEorpa** — 16631/24, 16181/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Pléadh mír 8(a) agus mír 7 le chéile.

(b) **Toradh '*BIOEAST and Beyond: Partnering for the Future*', comhdháil ardleibhéil maidir le tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta Lár agus Oirthear na hEorpa i gcomhthéacs na hithreach inbhuanaithe agus athléimneacht uisce, slándáil córas bia agus beartas a bhaineann leis an mbithgheilleagar (Búdaipeist, an 4-6 Nollaig 2024)** — 16633/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Pléadh mír 8(b) agus mír 7 le chéile.

(c) **Scrogaill a réiteach san athchúrsáil chothaitheach agus i dtáirgeadh bithgháis ar leibhéal na feirme** — 16339/24
*Faisnéis ón bhFionlainn, le tacaíocht ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón tSeicia*

Pléadh mír 8 (c) agus mír 7 le chéile.

(d) **Comhdháil maidir lena bhfuil i ndán d'earnáil bheachadóireachta na hEorpa (an Bhruiséil, an 28 Samhain 2024)** — 16557/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh na comhdhála maidir lena bhfuil i ndán d'earnáil bheachadóireachta na hEorpa.

Thug sí dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin.

**(e)** **Comhaontú maidir leis an Danmhairg Ghlas: Samhail le haghaidh cáin gás ceaptha teasa ar tháirgeadh talmhaíochta agus láisteadh nítrigine laghdaithe chun feabhas a chur ar chosaint an dúlra, na bithéagsúlachta agus acmhainní uisce** ⌈2⌉ 16558/1/24 REV 1
*Faisnéis ón Danmhairg*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Danmhairg ar fáil.

Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus na toscaireachtaí ina thaobh.

**(f)** **Incháilitheacht caiteachais a bhaineann le ceannach ainmhithe pórúcháin faoi phlean straitéiseach CBT** ⌈2⌉ 16622/24
*Faisnéis ón Rómáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin ar fáil.

Thug an Chomhairle dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus na toscaireachtaí ina thaobh.

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 10 Nollaig 2024**

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**9. Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí** ❶C 16180/24 + COR 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le scrúdú a dhéanamh ar na tograí reachtacha maidir le hábhar atáirgthe plandaí agus maidir le hábhar atáirgthe foraoise. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**10. Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise** ❶C 16068/24 + COR 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Pléadh mír 10 agus mír 9 le chéile.

**11. Rialachán maidir le hainmhithe a chosaint le linn dóibh a bheith á n-iompar agus le linn oibríochtaí gaolmhara** ❶C 16056/24
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis an scrúdú ar an togra reachtach maidir le hainmhithe a chosaint le linn dóibh a bheith á n-iompar agus le linn oibríochtaí gaolmhara. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. (ar lean) Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad — C — 16055/24
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Féach leathanach 2.

4. (ar lean) Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh — C — 16057/24
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Féach leathanach 3.

**Aon ghnó eile**

**12.** Talmhaíocht

**a) Tograí reachtacha reatha**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha: staid na himeartha** — ❶ C — 16254/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha i ndáil leis an scrúdú ar an togra maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(b) An obair atá ar bun i réimse na tréidliachta faoi Uachtaránacht na hUngáire** 16265/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Uachtaránacht maidir leis an obair atá ar bun i réimse na tréidliachta faoi Uachtaránacht na hUngáire. **Chuir an Ghearmáin, an Ísiltír, an Fhrainc, an tSlóvaic agus an Eastóin in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad leis an obair sin.** Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Iodáil agus ón nGearmáin maidir le galair ainmhithe, fiabhras Afracach na muc agus an galar gormtheanga. **Chuir an Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic** in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad le roinnt de na an tionscnamh sin. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(c) Galair ainmhithe (Fiabhras Afracach na Muc agus an galar gormtheanga)** 16561/24
*Faisnéis ón nGearmáin agus ón Iodáil, le tacaíocht ón bhFrainc agus ón tSeicia*

Pléadh mír 12 (c) agus mír 12 (b) le chéile.

**(d) Téarmaíocht chomhchuibhithe maidir le 'rialú bitheolaíoch' i gcosaint plandaí agus/nó i gcineálacha cur chuige comhchosúla eile** 16468/24
*Faisnéis ón Danmhairg agus ón nGearmáin, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón tSeicia agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin agus an Danmhairg ar fáil maidir leis an ngá atá le téarmaíocht chomhchuibhithe i ndáil le 'rialú bitheolaíoch' i dtáirgí cosanta plandaí agus/nó cineálacha cur chuige comhchosúla eile. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(e) An gá atá le reachtaíocht iomchuí a bhunú maidir le ladrainn a úsáid ar mhaithe le hathléimneacht na gcóras talmhaíochta** 16521/24
*Faisnéis ón bPortaingéil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCipir, ón gCróit, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón Rómáin, ón tSeicia, ón tSlóvaic, ón Spáinn agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Phortaingéil ar fáil i ndáil leis an gá atá le reachtaíocht iomchuí a bhunú maidir le ladrainn a úsáid ar mhaithe le hathléimneacht na gcóras talmhaíochta. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(f) Acmhainn na biteicneolaíochta san earnáil agraibhia** 16506/24
*Faisnéis ón Danmhairg agus ón Spáinn, le tacaíocht ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón tSeicia agus ón tSualainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón Danmhairg agus ón Spáinn maidir le hacmhainneacht na biteicneolaíochta san earnáil agraibhia. Chuir an Bheilg, an Chipir, Éire, an Fhrainc agus an Ghréig in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad leis an tionscnamh sin. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(g) Athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe** 16562/24
*Faisnéis ón tSualainn, le tacaíocht ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Ostair agus ón tSlóivéin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil i ndáil leis an athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

**(h) 'Oibreoir gnó bia carthanach' a thabhairt isteach faoi dhlí bia na hEorpa** [F2] 16512/24

*Faisnéis ón nGearmáin, le tacaíocht ón gCipir, ón Danmhairg, ón Laitvia, ó Lucsamburg agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil maidir leis an gcoincheap 'oibreoir gnó bia carthanach' a thabhairt isteach i ndlí bia na hEorpa. Chuir an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóvaic in iúl ó bhéal go dtacaíonn siad leis an tionscnamh sin. Thug an Chomhairle dá haire freisin na hidirghabhálacha ó thoscaireachtaí eile agus ón gCoimisiún.

---

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna 'B'**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**<br>**(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)**<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN SPÁINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) i mBunrialachán COD/03AS; RNG/03-; BLI/24-; COD/07A.; COD/7XAD34; HER/7G-K.; JAX/4BC7D; POL/07.; POL/56-14; SBR/678-; WHG/07A. agus BLI/03A- in 2025**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; RNG/03-; BLI/24-; COD/07A.; COD/7XAD34; HER/7G-K.; JAX/4BC7D; POL/07.; POL/56-14; SBR/678-; WHG/07A agus BLI/03A faoi bhun Blim, nó nach eol na pointí tagartha maidir le bithmhais agus is comhairle lena moltar gabháil nialasach í an chomhairle, agus nach gceadófar ach foghabháil agus iascaigh eolaíocha in 2025, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an Spáinn, an Phortaingéil agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2025. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin é an gealltanas seo.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN tSUALAINN maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) i Rialachán CBI le haghaidh COD/2A3AX4; COD/03AN; COD/07D.; COD/5BE6A agus WHG/03A. in 2025**

'An 2 Nollaig 2024, tháinig an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua ar chomhaontú maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh na sé stoc chomhroinnte a bhainistítear go comhpháirteach le haghaidh 2025. Ina theannta sin, an 5 Nollaig tháinig an tAontas agus an Iorua ar chomhaontú maidir le deiseanna iascaireachta do stoic in Skagerrak-Kattegat le haghaidh 2025. Ós rud é go meastar go mbeidh bithmhais stoic COD/2A3AX4; COD/03AN; COD/07D. agus COD/5BE6A. faoi bhun Bpa i mbliain an TAC agus sa bhliain ina dhiaidh sin, agus ós rud é nach eol na pointí tagartha maidir le bithmhais stoic WHG/03a., rinne na Páirtithe an tsolúbthacht idirbhliantúil le haghaidh na stoc sin in 2025 a eisiamh faoi na comhaontuithe sin. I gcomhréir leis an gcomhaontú sin, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn nach mbainfidh siad úsáid as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2025.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an trosc in Kattegat**

'Shocraigh an Chomhairle GII foghabhála le haghaidh an troisc in Kattegat (foroinn 21 CITM) i gcomhair 2025 agus 2026 ar leibhéal na ngabhálacha a rinneadh le déanaí agus choinnigh sí ar bun na bearta feabhais le haghaidh na mblianta sin. Is gá an bhásmhaireacht iascaireachta a laghdú i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann le déanaí i gcás an stoic sin, ar ina leith a mholann CITM gan aon ghabháil a dhéanamh le haghaidh 2025 agus 2026. Tugann an Coimisiún dá aire an ráiteas a rinne an Danmhairg ina luaitear nach léiríonn GII foghabhála leibhéal na ngabhálacha a rinne siad le déanaí (i.e. gabhálacha a thabhairt i dtír agus ábhar muirí aischurtha). Má chuireann an Danmhairg isteach sonraí sonracha, iontaofa agus infhíoraithe ina leith sin, iarrfaidh an Coimisiún ar CETEI measúnú a dhéanamh ar na sonraí sin agus déanfaidh sé breithniú, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ar thogra a thíolacadh chun na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 agus 2026 a leasú i gcás an stoic sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le faisnéis eolaíoch faoi ghliomach na hIorua i mBá na Bioscáine**

'Maidir leis an gcomhairle eolaíoch faoi ghliomach na hIorua i mBá na Bioscáine (roinn 8abde CITM), iarrfaidh an Coimisiún ar CITM breithniú a dhéanamh ar fheabhsuithe ar an measúnú bunúsach ar stoc agus ar chur i láthair na comhairle sin. Iarrfar feabhsuithe den sórt sin maidir leis an méid seo a leanas: (i) pointí tagartha a thabhairt cothrom le dáta; (ii) sonraí breise a chur san áireamh sa mheasúnú, lena n áirítear sonraí VMS; agus (iii) feabhsuithe maidir leis an gcaoi a gcuirtear an fhaisnéis i láthair sa tábla roghanna gabhála.

Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht, féachfaidh ranna an Choimisiúin ar fhaisnéis bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le ríomhanna asbhaintí i leith díolúintí ó oibleagáidí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an mangach in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh agus maidir le gliomach na hIorua i Murascaill Cadiz**

'Is cúis imní don Choimisiún an comhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air maidir leis an gcainníocht bhreise mangach don Phortaingéil in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh (folimistéir 9 agus 10 CITM agus roinn 34.1.1 CIATL) le haghaidh 2025 agus maidir leis an teorainn ghabhála i gcás ghliomach na hIorua i Murascaill Cadiz (folimistéar 9 CITM, FU 30) le haghaidh 2025, nithe a socraíodh os cionn na comhairle eolaíche agus, i gcás na cainníochta breise mangach don Phortaingéil, os cionn leibhéal na bhfoghabhálacha dosheachanta a chinneann CETEI freisin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le deargán in uiscí na nAsór**

'Gabhann an Coimisiún buíochas leis an bPortaingéil agus le Réigiún Féinrialaitheach na nAsór as na hiarrachtaí a rinneadh feabhas a chur ar na sonraí a bhailítear ar dheargán in Uiscí na nAsór (folimistéar 10 ICES), an suirbhé a rinneadh ar an spiléar grinnill san áireamh. Mar thoradh air sin, tháinig feabhas ar cháilíocht na comhairle eolaíche, agus den chéad uair riamh cuireann ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe ar fáil. Cuirfidh an Limistéar Muirí faoi Chosaint in uiscí na nAsór, a glacadh le déanaí, a thuilleadh le caomhnú an deargáin, na n-iascairí agus na bpobal áitiúil atá ag braith air. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrfaidh an Coimisiún láithreach ar ICES a mheasúnú do 2025 a thabhairt cothrom le dáta chun go n-áireofaí ann an stoc sin atá bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch nua a chuir an Phortaingéil ar fáil. Nuair a thabharfaidh ICES freagra ar an iarraidh sin, féadfaidh an Coimisiún a mheas a dhéanamh faoi thogra a thíolacadh chun TAC cinntitheach a leagan síos le haghaidh 2025 i gcomhréir le comhairle ó ICES, TAC a chuirfí in ionad TAC sealadach arna socrú ag an gComhairle sa chéad leath de 2025. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil leibhéal an TAC shealadaigh gan dochar do leibhéal an TAC chinntithigh.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le scála cionroinnte nua le haghaidh ainseabhaithe agus deargán.**

‘Tar éis deiseanna iascaireachta nua le haghaidh ainseabhaithe a shocrú in Uiscí Ibéaracha an Atlantaigh, comhaontaíonn an Spáinn agus an Phortaingéil gur cheart deiseanna iascaireachta a shannadh de bhun an scála cionroinnte seo a leanas:

I gComhpháirt an Iarthair: an Phortaingéil: 90 %; an Spáinn: 10 %

I gComhpháirt an Deiscirt: an Phortaingéil: 3 %; an Spáinn: 97 %.

Tar éis deiseanna iascaireachta nua le haghaidh an deargáin a shocrú in Uiscí Ibéaracha an Atlantaigh (folimistéar 9 ICES, lastuaidh de 36 10’00’’T.), comhaontaíonn an Spáinn agus an Phortaingéil gur cheart deiseanna iascaireachta a shannadh de bhun an scála coinroinnte seo a leanas:

an Phortaingéil: 85.0 %; an Spáinn: 15,0%.’

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bPOLAINN, ÓN tSUALAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN LIOTUÁIN, ÓN LAITVIA, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN SPÁINN maidir leis na pleananna ilbhliantúla**

‘Tathantaíonn an Danmhairg, an Eastóin, an Pholainn, an tSualainn, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Liotuáin, an Laitvia, an Ísiltír agus an Spáinn ar an gCoimisiún togra a thíolacadh go tapaidh le haghaidh leasú ar na pleananna ilbhliantúla don Mhuir Bhailt, an Mhuir Thuaidh agus Uiscí an Iarthair a mhéid a bhaineann le hAirteagail 4(6)/4(7) chun soiléireacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas idir Airteagail ábhartha na bpleananna ilbhliantúla a chur ar fáil. Ag gabháil leis an togra ba cheart go mbeadh measúnú tionchair ar fhadhbanna a bhíonn ag baint lena gcur chun feidhme praiticiúil, lena gcritéir agus lena dtéarmaí cur i bhfeidhm agus ba cheart cuspóirí uile an Chomhbheartais Iascaigh a chur san áireamh go cuí ann, lena n-áirítear cur chuige an réamhchúraim. Beidh an Danmhairg, an Eastóin, an Pholainn, an tSualainn, an Ghearmáin, an Fhionlainn, an Liotuáin, an Laitvia, an Ísiltír agus an Spáinn tiomanta do bhainistiú inbhuanaithe stoic agus comhoibreoidh siad ar bhealach cuiditheach leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa chun teacht ar réiteach cothrom ar na hábhair imní a sainaithníodh.’

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN nGEARMÁIN maidir le Roghanna na Háige**

‘Measann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Fhrainc go ndearnadh na scálaí maidir le cionroinnt na gcuótaí ar na Ballstáit a chomhaontú in 1983. Is iad na scálaí sin is bonn leis an gcobhsaíocht coibhneasta, prionsabal arna bhunú leis an mBun-Rialachán lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh. Measaimid go bhfuil roghanna na Háige contrártha le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.’

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le doingean mara deisceartach i mBá na Bioscáine (8ab)**

‘Maidir leis an stoc doingean mara i mBá na Bioscáine (limistéar 8ab CITM) a bhfuil a bhithmhais faoi bhun MSY Btrigger ó bhí 2023 ann, iarrann an Coimisiún ar an bhFrainc agus ar an Spáinn bearta teicniúla a ghlacadh chun an stoc a chosaint agus a bhithmhais a atógáil lena n áirítear an t-íosmhéid tagartha caomhnaithe a mhéadú go 42 cm san iascach tráchtála.’

**RÁITEAS ÓN Danmhairg, ÓN nGearmáin, ÓN Spáinn, ÓN bhFrainc, ÓN Ísiltír, Ó Éirinn, ÓN bPortaingéil, ÓN tSualainn agus ÓN Liotuáin maidir le malartuithe cuótaí i ndiaidh na gcomhairliúchán idir an tAontas Eorpach agus an Iorua**

'De bharr iarrachtaí comhchoiteanna na mBallstát bhíothas in ann méid na bhfaoitíní gorma a mhéadú sa mhalartú cuótaí leis an Iorua. Tá méid suntasach den chuóta a bhí ag an Spáinn agus an Phortaingéil á n-aistriú chuig an Danmhairg, an Ísiltír, Éire agus an Liotuáin in 2024 fós. Chun an chobhsaíocht choibhneasta a chur san áireamh, maidir leis na cainníochtaí seo a leanas d'fhaoitíní gorma (WHB/1X14), le haghaidh 2025, cuirtear le sciar cobhsaíochta coibhneasta na Danmhairge, na Gearmáine, na Spáinne, na Fraince, na hÍsiltíre, na hÉireann, na Portaingéile, na Sualainne agus na Liotuáine iad nó baintear de na sciartha sin iad:

| | |
|---|---|
| DK | -6.066 |
| DE | 1.666 |
| ES | 3.632 |
| FR | 2.981 |
| NL | -701 |
| IE | -821 |
| PT | 337 |
| SE | 1.060 |
| LT | -2.087 |

Féachfaidh na Ballstáit leis na haistrithe iomchuí d'fhaoitíní gorma a chur ar fáil a luaithe is féidir in 2025.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN maidir le bearta feabhais le haghaidh Trosc i limistéar 3a — Kattegat agus Skagerrak**

'Tacaíonn an tSualainn le bearta feabhais chun básmhaireacht iascach trosc in Kattegat agus in Skagerrak a laghdú a thuilleadh — go háirithe trí threalaimh roghnaitheacha a chur chun cinn nuair atá siad ar fáil. Dá bhrí sin, b'fhearr leis an tSualainn dá mbeadh bearta atá nasctha go dlúth, mar shampla trealaimh éigeantacha atá ardroghnaitheach ó thaobh speicis de a thabhairt isteach, ag gabháil le leibhéal TAC ghliomach na hIorua. Is díol sásamh don tSualainn tograí ón gCoimisiún i ndáil leis an méid sin.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le trosc Artach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua**

'Gabhann an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil buíochas leis an gCoimisiún as an tuiscint pholaitiúil idir an tAontas agus an Iorua maidir le hiascaigh i limistéir 1 agus 2 ICES agus as malartuithe litreacha an 8 agus an 11 Samhain 2024, agus is díol sásaimh dóibh go n-áirítear leis sin cuóta iomlán an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard, cuóta a léiríonn cearta stairiúla an Aontais agus a fhreagraíonn do sciar an Aontais don stoc sin. Mar sin féin, meabhraíonn siad, i ngeall ar na stadanna iascaireachta a d'eisigh an Iorua, nárbh fhéidir, in 2021, 5 143 thona ar an iomlán de chuóta trosc an Aontais ó na malartuithe déthaobhacha a iascach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua. Cuireann na Ballstáit in iúl go bhfuil díomá orthu nár chuir an Iorua an chainníocht sin ar fáil don Aontas go fóill sna malartuithe déthaobhacha. Ba cheart an tsaincheist sin a réiteach a luaithe is féidir.

Is mór ag an nGearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil go bhfuil an Coimisiún faoi réir chun leanúint den idirphlé Polaitiúil Ardleibhéil leis an Iorua maidir leis na saincheisteanna thuasluaite, chomh maith le saincheisteanna oscailte eile maidir leis an iascach.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir leis an sól coiteann in Skagerrak-Kattegat agus i Muir Bhailt Thiar**

'Is cúis imní don Choimisiún an comhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh an tsóil choitinn in Skagerrak-Kattegat agus i Muir Bhailt Thiar (roinn 3a agus foranna 22-24 CITM) le haghaidh 2025. Measann an Coimisiún, agus é á chur san áireamh aige gur mó ná 5 % an dóchúlacht go dtitfidh bithmhais an stoic sin faoi bhun Blim in 2026 agus go ngabhtar an sól coiteann in iascach measctha a dhíríonn ar ghliomach na hIorua freisin, gur cheart iascach spriocdhírithe an stoic sin a chur ar fionraí.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN DANMHAIRG, ÓN tSUALAINN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN nGEARMÁIN, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann**

'Meabhraíonn an Danmhairg, an tSualainn, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil gur laghdaigh an tAontas a sciar ó 8.38 faoin gcéad go 6.51 faoin gcéad sa chomhaontú comhroinnte in 2007 maidir le scadán an Atlantaigh-Chríoch Lochlann chun tairbhe na hIorua sa chás go dtabharfaí rochtain dó ar uiscí na hIorua. Thug na Ballstáit thuasluaite dá n-aire nár comhaontaíodh an rochtain ar na huiscí go fóill.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN bhFRAINC, Ó ÉIRINN AGUS ÓN ÍSILTÍR maidir le rannpháirtíocht dhearfach i malartuithe cuótaí le haghaidh stoic foghabhála i Limistéar 7d**

'Éascóidh an Bheilg, an Fhrainc, Éire agus an Ísiltír, a mhéid is féidir, malartuithe cuótaí in 2025 de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i ndáil le stoic foghabhála ábhartha chun go mbeadh Éire in ann a sciar cobhsaíochta coibhneasta d'fhaoitín i Limistéar 7d a iascach.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le doingean mara deisceartach i mBá na Bioscáine (8ab)**

'Maidir leis an stoc doingean mara i mBá na Bioscáine (limistéar 8ab CITM) a bhfuil a bhithmhais faoi bhun MSY Btrigger ó bhí 2023 ann, iarrann an Coimisiún ar an bhFrainc agus ar an Spáinn bearta teicniúla a ghlacadh chun an stoc a chosaint agus a bhithmhais a atógáil lena n áirítear an t-íosmhéid tagartha caomhnaithe a mhéadú go 42 cm san iascach tráchtála.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG maidir le Tosaíocht Eisceachtúil a thugtar don Danmhairg ó thaobh Ronnach de**

'In 1983, thug an Chomhairle Tosaíocht Eisceachtúil don Danmhairg ó thaobh Ronnach de agus ar a shon sin thréig an Danmhairg deiseanna iascaireachta in Uiscí an Iarthair. Ina dhiaidh sin, i gcomhréir lena forálacha, gníomhachtaíodh an Tosaíocht Eisceachtúil ó thaobh Ronnach de in 1997, 2005, 2006, 2007 agus 2008.
I mí na Nollag 2023, cinneadh sa Chomhairle ath-leithdháileadh a dhéanamh i ndáil le MAC/2A4A-N. Is mar thoradh air sin a rinneadh sciar suntasach de chuóta stairiúil ronnach Mhuir Thuaidh na Danmhairge a ath-leithdháileadh ar Uiscí an Iarthair.

I bhfianaise an mhéid thuas, is oth leis an Danmhairg nár urramaíodh an Tosaíocht Eisceachtúil a tugadh don Danmhairg ó thaobh Ronnach de i dtoradh chruinniú na Comhairle i mí na Nollag 2024. Tá iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ar iascach na Danmhairge agus ar earnáil an iascaigh. Tá tionchar ag an easpa urraime léirithe don Tosaíocht Eisceachtúil ó thaobh Ronnach de ar iontaofacht na gcomhaontuithe comhchosúla uile sa Chomhairle, rud a théann chun dochair do na Ballstáit ar fad.
Ba cheart an Tosaíocht Eisceachtúil a tugadh don Danmhairg ó thaobh Ronnach de a urramú agus deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnach á socrú sna blianta amach romhainn.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN MAIDIR LE TROSC 2J3KL NAFO**

'Chun go gcuirfí san áireamh go bhfuil géarghá le hiascach trosc 2J3KL a athoscailt, tugann an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Spáinn dá n-aire an scála cionroinnte a comhaontaíodh do throsc 2J3KL is infheidhme ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 tar éis athoscailt TAC ag seisiún bliantúil NAFO 2024. Mar sin féin, i bhfianaise dhearcthaí éagsúla na mBallstát maidir le dáileadh an chuóta idir na Ballstáit, ba mhaith leis an bhFrainc, leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn a áirithiú nach leagfar síos aon fhasach leis sin ó thaobh na cobhsaíochta coibhneasta de agus gur cheart an scála cionroinnte a athscrúdú le haghaidh tréimhsí bainistíochta amach anseo.'